



# Ag tosú agus ag stopadh

## Ullmhúchán

<b>RANG</b>	<b>Rang a ceathair go dtí rang a sé</b>
<b>FEARAS</b>	<ol style="list-style-type: none"> <li>1. Oráistí,(oireann satsúmaí go maith do photaí suibhe), boscaí lasán , potaí suibhe, cártaí poist.</li> <li>2. 5 nó 6 bhonn den chineál céanna do ghach grúpa páistí, cárta tiubh m.sh .cártaí poist, rialóirí nó sceana maola.</li> <li>3. Uibheacha úra , uibheacha cruabhruite.</li> </ol>
<b>ULLMHÚCHÁN</b>	Déan na huibheacha a chruabhruith. Bailigh na hábhair eile
<b>RÉAMHEOLAS</b>	Tá sé deacair uaireanta rud a chur ag gluaiseacht. D'fhéadfadh sé bheith chomh deacair céanna rud a stopadh. Déanann rudaí iarracht fanacht socair muna bhfuil siad ag gluaiseacht nó leanúint ag gluaiseacht má tá siad ag gluaiseacht cheana.
<b>SPRIOC-CHEISTEANNA</b>	<p><b>Má tá tú i do sheasamh istigh ar bhus a thosaíonn suas go hobann cad a tharlaíonn duit?</b></p> <p><b>Cén bealach is dual duit a thitim? Má stadann an bus go hobann cén bealach a thitfidh tú?</b></p> <p>Nuair a bhrúnn carr na coscáin go dian nó i gcás imbhualadh muna bhfuil na daoine istigh ag caitheamh criosanna sábhála leanfaidh siad ag gluaiseacht chun tosaigh cé go bhfuil an carr tar éis stad. D'fhéadfadh siad dul tríd an ngloine gaoithe</p>
<b>SCILEANNA</b>	Ag tástáil
<b>SNÁITHAONAI</b>	Fórsaí Dúile beo-Mise –an chlua



# Ag tosú agus ag stopadh

## Gníomhaíocht

### CÚRAM

Cúram le sceana, rialóirí, cúram le boinn scaoilte, i.e. nach ngortaíonn siad páiste eile.

### GNÍOMHAÍOCHT

#### 1. Oráiste agus bosca lasán

Cuir an cárta poist ar an bpota suibhe agus go hingearach anuas air cuir clúdach an bhosca lasán. Cuir an t-oráiste anuas ar an gclúdach. Tarraing amach an cárta poist go sciobadh. Cad a tharlaíonn don oráiste?

*(Titeann sé isteach sa phota suibhe. Tá sé níos deacra rudaí troma mar oráiste a bhogadh ná rudaí éadroma amhail an cárta poist agus clúdach an bhosca lasán.)*

Bain triail as seo sa bhfoirm dhúbalta i.e. 2 (cárta poist + bosca lasán)

#### 2. Boinn (Féach nóta 'Cúram')

Faigh boinn den chineál céanna agus tóg colún le huimhir áirithe díobh. An féidir leat an bonn íochtarach a thógaint gan baint leis na cinn eile? Tabhair sábháilte obann comhthreomhaireacht le scian don bhonn íochtarach. Sciortfaidh sé ag fágáil an cholúin ina cheart. Tá an colún bonn trom. Fanann sé socair nuair a bhrúnn tú amach an ceann atá in íochtar. Tá an bonn íochtarach éadrom ann féin agus mar sin imíonn sé go héasca nuair a bhuaileann tú é. Fágann sé seo bearna agus titeann an colún chun é a líonadh. *(Is minic an cleas seo ag draoithe le nithe so-bhriste m.sh. clár-éadach a sciobadh amach faoi chupáin agus fo-chupáin.)*

#### 3. Uibheacha

An bhfuil ar do chumas an difríocht idir ubh úr agus ubh chruabhruite a aithint? Bain rothlam as ubh amháin agus ansin cuir do mhéar go héadrom uirthi lena stopadh. Chomh luath agus a stadann an ubh tóg do mhéar uaithi. Cad a tharlaíonn?

Déan amhlaidh leis an ubh eile. Cad a tharlaíonn? *(Nuair a stadann tú an ubh úr ní stadann tú ach an blaosc. Leanann an gealachán agus an buíocán ag rothlú. Nuair a scaoileann tú leis bíonn feidhm ag na hábhair ghluaise chun an ubh a chur ar rothlam arís. Ní thosóidh an ubh chruabhruite ag rothlú arís mar is ábhar soladach atá inti - níl aon rud scaoilte istigh inti)*

#### 4. Meadhránach?

Cas timpeall go mear roinnt babhta. An mbraitheann tú meadhránach? *(Nuair a chasann tú faoi luas casann ag an am céanna trí leacht atá laistigh ded' chluas. Nuair a stadann tú go hobann leanann an leacht ag gluaiseacht. Ceapann d'inchinn go bhfuil do chorp ag gluaiseacht agus mar sin braitheann tú meadhránach.)*

### LEATHNÚ

Faigh dhá bhábóg ar chomhmhéid agus dhá charr bréaganacha atá cosúil lena chéile gur féidir na bábóga a leagan orthu. Déanfaidh dhá chairt nó dhá chlár scátála an gnó amhlaidh. Ceangail bábóg amháin de charr amháin agus fág an bhábóg eile scaoilte ar an gcarr eile. Iarr ar na páistí na carranna a bhrú i gcoinne balla.

Cad a tharlaíonn? *(Is é is dócha go gcaithfear an bhábóg scaoilte in aghaidh an bhalla nó amach as an gcarr mar leanann sí ag gluaiseacht cé go bhfuil an carr tar éis stopadh). Déan tagairt d'úsáid criosanna sábhála i gcarr.*